2024/292

19.1.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/292 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18 Eanáir 2024**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217 maidir leis an tréimhse mhaolaithe agus na lotnaidí is ábhar imní i dtaca le plandaí *Chamaecyparis* Spach, *Juniperus* L. agus speicis áirithe *Pinus* L. le haghaidh plandú, ar cuireadh srian fáis orthu go nádúrtha nó go saorga, de thionscnamh na Seapáine, a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí., lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1), Airteagal 40(1) agus Airteagal 41(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ([2]) ón gCoimisiún bunaítear liosta plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a bhfuil toirmeasc ar iad a thabhairt isteach san Aontas ó thríú tíortha áirithe. I gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin, tá toirmeasc ar phlandaí *Chamaecyparis* Spach, *Juniperus* L. agus *Pinus* L. le haghaidh plandú, seachas torthaí agus síolta, a thabhairt isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217 ([3]) ón gCoimisiún ceadaítear, de mhaolú ar phointe 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, faoi choinníollacha áirithe, plandaí *Chamaecyparis* Spach, *Juniperus* L. agus speicis áirithe *Pinus* L. le haghaidh plandú, ar cuireadh srian fáis orthu go nádúrtha nó go saorga, de thionscnamh na Seapáine (na 'plandaí sonraithe'), a thabhairt isteach san Aontas.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217, an maolú dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin, rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2023.

(4) An 13 Deireadh Fómhair 2023 chuir an tSeapáin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun fad a chur leis an maolú dá bhforáilteari Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217.

(5) Le tabhairt isteach na bplandaí sonraithe san Aontas, faoi réir cheanglais ábhartha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217, arna gcur i bhfeidhm go héifeachtach ag an tSeapáin, léiríodh riosca diomaibhseach fíteashláintíochta do chríoch an Aontais.

(6) Ba cheart an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217 a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2024, chun dóthain ama a thabhairt chun measúnú iomlán a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis na lotnaidí nach bhfuil aicmithe fós mar lotnaidí choraintín de chuid an Aontais ar liostaí na lotnaidí is ábhar imní. Leis an measúnú sin, cuirfear ar chumas an Choimisiúin a chinneadh ar cheart gan feidhm a bheith ag an maolú a thuilleadh nó ar cheart na plandaí sonraithe a bheith faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir lena dtabhairt isteach san Aontas.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2020 maidir le maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le plandaí *Chamaecyparis* Spach, *Juniperus* L. agus speicis áirithe de *Pinus* L. le haghaidh plandú, ar cuireadh srian fáis orthu go nádúrtha nó go saorga, de thionscnamh na Seapáine, a thabhairt isteach san Aontas agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/887/CE (IO L 277, 26.8.2020, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1217/oj).

(7) Thairis sin, thángthas ar an gconclúid sa Tuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) an 15 Márta 2019 ([4]) maidir le plandaí *Chamaecyparis* Spach agus *Pinus parviflora* Sieb. & Zucc. (*Pinus pentaphylla* Mayr), go raibh na plandaí sin ina n-óstaigh don lotnaid *Urocerus japonicus* (F. Sm.). Ar an gcúis sin, ba cheart an lotnaid sin a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin mar lotnaid is ábhar imní maidir leis na plandaí sin.

(8) Chun suaitheadh allmhairiúcháin a sheachaint agus chun leanúnachas trádála a áirithiú thar dháta éaga an mhaolaithe de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ar an gcúis sin, agus chun aon bhearna dhlíthiúil a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2024.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

‘Beidh feidhm ag an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 2 maidir leis na plandaí sonraithe a allmhairítear isteach san Aontas le linn na dtréimhsí seo a leanas:

(a) *Chamaecyparis*: ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Nollaig 2024;

(b) *Juniperus*: ón 1 Samhain go dtí an 31 Márta gach bliain go dtí an 31 Nollaig 2024;

(c) *Pinus* L.: ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Nollaig 2024.’

(2) Déantar an Iarscríbhinn a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus tréimhse chur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Eanáir 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí, 2019. Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar an mbonsaí péine dhuibh (*Pinus thunbergii* Parl.) ón tSeapáin. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(5):5667, 184 lch. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5667.

*IARSCRÍBHINN*

**Leasú ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217**

I bpointe 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1217, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) i gcás plandaí *Chamaecyparis*:

(i) *Popillia japonica* Newman,

(ii) *Urocerus japonicus* (F. Sm.),

(iii) aon lotnaid choraintín eile nó aon lotnaid eile atá faoi réir na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/2031 nach eol go dtagann sí chun cinn san Aontas;

(c) i gcás plandaí *Pinus parviflora* Sieb. & Zucc. (*Pinus pentaphylla* Mayr):

(i) *Bursaphelenchus xylophilus* (Steiner agus Bührer) Nickle et al.,

(ii) *Coleosporium paederiae* Dietel ex Hirats. f.,

(iii) *Crisicoccus pini* (Kuwana),

(iv) *Cronartium kurilense* (Dietel) Y. Ono,

(v) *Cronartium quercuum* (Berk.) Miyabe ex Shirai,

(vi) *Dendrolimus sibiricus* Chetverikov,

(vii) *Dendrolimus spectabilis* (Butler),

(viii) *Dendrolimus superans* Butler,

(ix) *Monochamus* spp. (pobail neamh-Eorpacha),

(x) *Pissodes nitidus* Roelofs,

(xi) *Popillia japonica* Newman,

(xii) *Pseudocercospora pini-densiflorae* (Hori & Nambu) Deighton,

(xiii) *Thecodiplosis japonensis* Uchida & Inouye,

(xiv) *Urocerus japonicus* (F. Sm.),

(xv) aon lotnaid choraintín eile nó aon lotnaid eile atá faoi réir na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/2031 nach eol go dtagann sí chun cinn san Aontas;’.